Ná fíricí i dtaobh na vacsaíne MMR

Cosain do leanbh bí ciallmhar - imdhíontar

Irish translation of *the facts about MMR Vaccine*

Tá na fíricí i dtaobh na vacsaíne MMR le fáil sa duilleoigín seo. Má tá tú ag iarraidh an t-eolas seo romhat a phlé, déantar teagmháil le do dhochtúir ginearálta, do chuairteoir sláinte nó le do bhanaltra. Is féidir fosta cuairt a thabhairt ar an líonláithreán imdhíonta ar www.immunisation.org.uk

Cad é an rud is MMR ann?

Cosnaíonn an t-instealladh MMR do leanbh ar an bhruitíneach, ón leicneach agus ón bhruitíneach dhearg. Tugtar an t-instealladh do leanaí in aois 15 mhí agus uair amháin eile mar threiseoir roimh dhul chun na scoile daoibh." Ó tosaíodh ar an instealladh MMR a úsáid anseo sa bhliain 1988 tá líon na leanaí faoi bhagairt na ngalar sin laghdaithe go dtí an líon a b'ísle riamh.

Is féidir leis an bhruitíneach, an leicneach agus leis an bhruitíneach dhearg dul i ndrochoiliúint do dhuine

- Is féidir leis an bhruitíneach na cluasa a ghalrú, an anáil a lagú agus an meiningíteas/an einceitilíteas (gríosú na hinchinne) a ghríosú. Is ródhócha go bhfaighidh duine amháin as gach 2,500 - 5,000 duine bás dá dheasca.

- Is féidir leis an bhruitíneach allaíre a chur ar leanbh, agus magairlí na nglas-stocach agus na bhfear a at leis na pianta. B'í a ba mhó cúis an mheiningítis i measc leanaí.

- Is féidir leis an bhruitíneach an inchinn a ghríosú chomh maith agus a chur isteach ar fhuiltéachtadh. Is féidir le bean a scarúint le duine clainne de dheasca an ghalair nó daille, bodhaire, fadhbanna croí nó loit na hinchinne a thabhairt ar pháiste an mhná.

Tá sé fíor-thábhachtach le tuiscint go bhfaighidh gach leanbh, nach mór, an trí ghalar gan an t-instealladh MMR.

An bhfuil aon seachthoradh bainteach le hinstealladh MMR?

Bíonn, mar is dual do gach leigheas, seachthoradh den aon chineál bainte le húsáid na vacsaíní. Is beag an dochar atá sa mhórchuid acu, agus ní mhaireann ach tamall gearr, mar shampla, a leithéid de dheirge nó d'at an chraicinn ar ar fuarthas an t-instealladh.

Is instealladh é MMR ina bhfuil trí chinn de vacsaín faoi leith. Ní oibríonn na vacsaíní ar aon bhonn lena chéile. Tiocfaidh, i gceann seachtaine nó 10 lá i ndiaidh MMR a fháil, fiabhras, bruthán agus easpa goile ar chuid de na leanbh - mar a théann vacsaín na bruitíní i bhfeidhm. Is féidir (ach is annamh) le leanbh bruthán de spotaí beaga brúite a fháil i gceann coicíse i ndiaidh an insteallta MMR mar gheall ar vacsaín na bruitíní deirge. Tiocfaidh biseach air sin dá réir, ach ar fheiceáil na spotaí áirithe sin duit, cuirtear do dhochtúr ar an eolas. Is féidir fosta le cuma lag na leicní a thabhairt ar an leanbh mar a théann vacsaín na leicní i bhfeidhm tuairim is trí seachtaine i ndiaidh an t-instealladh a fháil.

Bíonn fritoradh na vacsaíne MMR ar pháistí go minic. Rachaidh, mar gheall ar vacsaín na bruitíní, leanbh amháin ar gach 1,000 i dtaom de dheasca an teasa. Níl aon fhianaise a léiríonn go mbeidh fadhbanna fad-téarmacha ar leanbh dá bharr. Rachaidh leanbh a bhfuil an bhruitíneach air i dtaom cúig uaire níos mó mar gheall ar an tinneas.

Is féidir le vacsaíní fritoradh ailléirge a mhúscailt chomh maith. Is fíor-bheag cás dá leithéid, áfach - cás amháin ar gach 100,000 imdhíonadh. Bíodh gur údar imní a leithéid de chás ag an tús, tig an t-othar i neart a shláinte i ndiaidh an cóireáil cuí a fháil.

Tuairscíodh go dtí seo cás amháin den einceitilíteas (gríosú na hinchinne) ar gach milliún díonadh. Ní lú bagairt an einceitilítis i measc leanbh nach bhfuair an vacsaín. Ar an láimh eile, is bun leis an bhruitíneach einceitilíteas ar leanbh amháin i measc gach 5,000 ar a bhfuil an galar sin.

Léiríonn comparáidí gur sábháilte níos fearr seachthorthaí MMR ná seachthorthaí na ngalar áirithe mar an bhruitíneach, an bhruitíneach dhearg nó an leicneach.

Deacraíochta/ seachthorthaí	Ráta i ndiaidh an bhun-ghalair	Ráta i ndiaidh an 1ú insteall-adh de MMR
Taomanna (mar gheall ar an teas)	1 ar 200	1 ar 1,000
Meiningíteas/ einceitilíteas	1 ar 200 1 ar 5,000	1 ar mhilliún
Cur isteach ar an fhuiltéachtadh	1 ar 3,000	1 ar 24,000
Bás (ag brath ar an aois)	1 ar 2,500~ 1 ar 5,000	duine ar bith

Fíricí na vacsaíne MMR

- Cosnaíonn an vacsaín MMR leanbh ar an bhruitíneach, an leicneach agus ar an bhruitíneach dhearg.
- Tugadh 500 milliún instealladh de MMR i 93 tír, le 30 bliain anuas. Tá traidisiún sábháilteachta an insteallta ar fheabhas.
- Níl aon fhianaise a léiríonn go bhfuil ceangal idir MMR agus uathacht nó galar na n-inní.
- Is dochrach gan na vacsaíní a thabhairt in aon am le chéile. Fágtar na leanaí faoi bhagairt na bruitíní, na leicní nó na bruitíní deirge.
- Ní mholtar, sna tíorthaí ina bhfuil MMR ar fáil, gan na vacsaíní uilig a thabhairt in aon am amháin.
- Tholg 97,000 leanbh galar na bruitíní go bhfuair 19 bás in 1987, an bhliain dheireanach roimh thabhairt isteach MMR chun na Ríochta Aontaithe. Fuair beirt leanaí bás i mBaile Átha Cliath ar na mallaibh mar gheall ar bheagán na vacsaíne a ghlacadh le linn bhriseadh amach an ghalair.
- Is galar iontach tógálach é an bhruitíneach, agus gheobhaidh leanbh bás agus míchumas dá dheasca.
- Ba chúis leis an leicneach go príomhá víreas an mheiningítis i measc leanaí faoin aois de 15 bliain sular tugadh an vacsaín MMR isteach. Tá deireadh leis an ghalar sin anois, beagnach.
- Is tubaisteach do leanbh i mbroinn torthaí na bruitíní deirge - is féidir, mar atá i gcuid mhór cásanna, le mná atá ag iompar an bhruitíneach dhearg a tholgadh ó leanaí na clainne nó ó leanaí eile.
- Cosnaíonn MMR do pháiste agus do chlann ar an bhruitíneach, an leicneach agus ar an bhruitíneach dhearg. Gheobhaidh an leanbh na galair arís agus é gan chosaint iomlán má tá sé ag fanacht ar na hinstealltaí a fháil in amanna éagsúla.

Is féidir an t-imdhíonadh a fháil am ar bith muna raibh do leanbh ag an choinne MMR an chéad uair.

Cad is bun le tuairiscí go bhfuil ceangal idir an uathacht agus MMR?

Tá an pobal ar an eolas faoin uathacht níos mó ná riamh, ach bhí méadú leanúnach ar chásanna na huathachta ag teacht chun solais roimh thabhairt isteach don instealladh MMR. Is léir do thuismitheoirí tréithí na huathachta sa leanbh i gceann bliana d'aois, de ghnáth. Tugtar MMR do leanaí na haoise sin, ach ní hionann sin agus gur bun le MMR an uathacht.

Tosaíodh ar thaighde ina raibh gach leanbh leis an uathacht a saolaíodh i Londain ó 1979 á scrúdú i leith an cheangail le MMR. Ní raibh aon mhéadú suntasach den uathacht i líon na leanaí ar tugadh an vacsaín daoibh don chéad uair sa bhliain 1988. Ní bun leis an vacsaín MMR an uathacht de réir thoradh an staidéir.

Is mar gheall ar an staidéar sin agus taighde eile go bhfuil dochtúirí na tíre seo chomh maith le dochtúirí eile an domhain ar aon fhocal nach bhfuil aon cheangal idir MMR agus an uathacht.

Cad is bun le tuairscí go bhfuil ceangal idir galar na n-inní agus MMR?

Rinneadh dian-taighde neamhspléach sa Ríocht Aontaithe agus thar lear, agus is léir ó thoradh na hoibre sin nach bhfuil aon cheangal idir an vacsaín MMR agus galar na n-ínní.

An bhfuil sábháilteacht an insteallta MMR a iniúchadh i measc na leanaí san iarthéarma?

Tá MMR á thabhairt i SAM le beagnach 30 bliain agus bhí breis agus 200 milliún instealladh tugtha ar feadh na tréimhse sin. Tugadh dhá instealladh do linbh na Fionlainne ón bhliain 1982 ar aghaidh agus rinneadh tuairisciú ar an fhrithoradh ar feadh an 14 bliain i ndiaidh don leanbh MMR a fháil. Níor tuairiscíodh buan-dochar d'aon leanbh de bharr na vacsaíne. Ní hansa gur vacsaín an-éifeachtach í MMR a bhfuil traidisiún inmholta na sábháilteachta ag baint léi.

Nárbh fhearr gan na vacsaíní uile a thabhairt do na leanaí in aon am amháin?

Bheadh sé cinn d'instealltaí i gceist in áit beirte dá dtabharfaí na vacsaíní do na leanaí ag amanna éagsúla agus d'fhágfaí na leanaí gan chosaint in aghaidh dhá cheann de na galair ar feadh bliana ar a laghad. Tá na galair seo contúirteach agus féadann siad a bheith marfach. Deirtear uaireanta go bhfuil sé thar acmhainn linbh trí instealladh a fháil in aon am. Ní fíor é. Is éifeachtach an dóigh a gcosnaíonn córas imdhíonachta an leanbh ar na galair sin.

Ní mholtar i dtír ar bith instealladh MMR a thabhairt mar thrí vacsaín ar leith. Níl aon fhianais ann go bhfuil sé níos sábháilte na vacsaíní a thabhairt in amanna éagsúla ná in aon am le chéile, agus ní hé amháin nach mbeadh aon mhaitheas sa chleachtadh ach gur féidir go ndéanfadh sé dochar.

Léiríonnn an ráiteas seo a leanas an tacaíocht a thugann réimse mhaith de lucht proifisiúnta leighis don vacsaín MMR:

"Mar dhaoine gairmiúla a bhfuil dlúthbhaint againn le cúram leanúnach leanaí, chomh maith le clár an imdhíonta, aontaíonn muid ó chroí leis an pholasaí i réim faoi láthair chun an vacsaín chomhcheangailte MMR a thabairt do leanaí".

Comhráiteas a rinneadh thar cheann:
Coláiste Ríoga na Péidiaitrice agus na Sláinte Leanaí
Coláiste Ríoga na nDochtúirí Ginearálta
Coláiste Ríoga na Banaltrachta
Comhaltas na nGairmeacha Leighis agus na gCuairteoirí Sláinte
Dámh Leigheas na Sláinte Poiblí

- Níl aon fhianaise ann a léiríonn aon cheangal idir MMR agus an uathacht ná idir MMR agus galar na n-inní.
- Cosnaíonn an dá instealladh de chuid MMR leanaí ar thrí ghalar contúirteach. Cinntíonn sé seo go bhfaigheann leanaí an chosaint is mó sa dóigh is éifeachtaí.
- Tá tuilleadh eolais le fáil ó do dhochtúir ginearálta nó ó do chuairteoir sláinte. Ná bíodh aon drogall ort ceisteanna a chur orthu.

"Ba mhaith le gach tuismitheoir a dhícheall a dhéanamh ar son a linbh. Tá a fhios agam go mbíonn sé doiligh uaireanta beartú ar cad é ba cheart a dhéanamh i gcás áirithe. B'fhéidir go bhfuil cuid dá bhfuil ráite faoi MMR ar na mallaibh ag déanamh imní duit le go bhfuil amhras ort chun MMR a thabhairt do do leanbh. Ar an drochuair, ní thugann cinnlinnte nuachtáin iomlán an scéil. Sa duilleoigín seo, cuirtear na fíricí uile ar fáil chun cuidiú leat do chinneadh féin a dhéanamh faoin cheist.

Níl amhras ar bith ormsa gur chóir duit an vacsaín MMR a thabhairt do do leanbh. Seo an dóigh is sábháilte le do leanbh a chosaint ar an bhruitíneach, an leicneach agus ar an bhruitíneach dhearg".

Dr. Henrietta Campbell CB
Príomh-Oifigeach Leighis - Tuaisceart Éireann

Health Promotion Agency

Tógadh le cead ó ábhar foilsithe Cur Chun Cinn Sláinte na Sasana.
Arna chur amach ag Gníomhaireacht Cur Chun Cinn Sláinte Tuaisceart Éireann thar cheann Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus na Sábháilteachta Poiblí.

4/01